



13 Aibreán 2021

Ciorclán: 0020/2021

Chuig: Coistí Bainistíochta, Úinéirí/Bainisteoirí, Ceannairí Réamhscoile, Cleachtóirí agus Foirne Eile i Suíomhanna Luathfhoghlama agus Luathchúraim

SOCRUITHE DO CHIGIREACHTAÍ SUÍOMHANNA LUATHFHOGHLAMA AGUS LUATHCHÚRAIM (LFC) AIBREÁN - MEITHEAMH 2021

Dírigh aird aon bhaill foirne ábhartha agus gach ball de choistí bainistíochta (más iomchuí) ar an gCiorclán seo le do thoil

ACHOIMRE

Cuireann an ciorclán seo eolas ar fáil faoi rannpháirtíochtaí cigireachta, taighde agus meastóireachta Chigireacht na Roinne Oideachais le suíomhanna LFC idir Aibreán agus Meitheamh 2021.

Cuirtear nuashonrú ar fáil do Chiorclán 0042/2020 na Roinne a eisíodh chuig an earráil LFC i mí an Mheithimh 2020.

Réamhrá

Tá an Chigireacht go mór san airdeall faoi na dúshláin shuntasacha atá roimh úinéirí, bainisteoirí, ceannairí réamhscoile, cleachtóirí agus foirne eile i suíomhanna LFC, mar aon le leanaí, tuismitheoirí agus pobail na suíomhanna LFC mar thoradh ar phaindéim Covid-19. Tá iarrachtaí den scoth déanta ag úinéirí, bainisteoirí, ceannairí, cleachtóirí agus ag baill foirne eile suíomhanna LFC chun soláthar aghaidh-ar-aghaidh a athoscailt agus a chothabháil. Aithnítear agus táthar buíoch dá gcuid oibre maidir le bheith i dteagmháil le tuismitheoirí agus leanaí sa bhaile le linn tréimhsí dúnta.

Rinne an Chigireacht, agus í tuisceanach ar dhúshláin agus ar chomhthéacs suíomhanna LFC, na gnáthshocruithe do mheastóireacht, taighde agus obair thacaíochta don bhliain acadúil 2020/21 a choigeartú. Rinneadh na hoiriúnuithe seo a leagan amach i gCiorclán na Roinne

<https://www.gov.ie/en/circular/87d25-arrangements-for-inspection-of-earlylearning-and-care-elc-settings-for-the-20202021-academic-year/> Is é príomhchuspóir an Chiorcláin seo ná eolas breise a sholáthar faoi rannpháirtíochtaí cigireachta, taighde agus meastóireachta Chigireacht na Roinne Oideachais le suíomhanna go dtí mí an Mheithimh 2021.



1. Obair chigireachta agus mheastóireachta Aibreán - Meitheamh 2021

Tá sé mar thosaíocht ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus ag an Roinn Oideachais araon a chur ar chumas gach leanbh, go háirithe na leanaí is leochailí, fanacht gafa lena suíomhanna LFC agus leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ina gcuid foghlama. Tá cigirí go mór san airdeall faoin ról rithábachtach atá ag úinéirí, bainisteoirí, ceannairí, cleachtóirí agus baill foirne eile i suíomhanna LFC mar aon le tuismitheoirí agus pobal an tsuímh uile ó thaobh tacú leis an tosaíocht seo.

Léiríonn clár oibre na Cigireachta sa tréimhse Aibreán-Meitheamh 2021 tiomantas chun tacú le suíomhanna LFC agus na torthaí is fearr is féidir a chinntiú do gach foghlaiméir. Áireofar iad seo a leanas sa chlár oibre don chuid eile den tréimhse go Meitheamh 2021:

Gníomhaíochtaí Cigireachta

Tosóidh Cigireacht na Roinne Oideachais athuair ar an raon iomlán gníomhaíochtaí meastóireachta ón 12 Aibreán 2021 ar bhealach a bhíonn oiriúnach agus measúil don chomhthéacs reatha i suíomhanna LFC.

Ag an tús, nuair a thosaíonn an clár cigireachta athuair, beidh an fócas ar chigireachtaí Leantacha. Déantar iad seo de ghnáth nuair a bhíonn tuairisc ar Chigireacht Oideachais Luathbhlianta foilsithe ag suíomh ar feadh bliana ar a laghad chun deis a thabhairt do dhul chun cinn ar na moltaí cigireachta a rinneadh. Nuair a bheifear ag pleanáil do gach ceann de na cigireachtaí seo, cuirfear san áireamh an comhthéacs reatha ina mbíonn an Clár COLÓ ag feidhmiú.

Tá an Chigireacht ag pleanáil freisin don atosú céimnithe cúramach ar an ngnáthchlár den obair chigireachta le linn na tréimhse seo. De réir Treoir don Chigireacht Oideachas Luathbhlianta atá ar fáil ag: <https://assets.gov.ie/25240/e9c7597b2a5644e0b605aa434dd8d08f.pdf>, cuirfear réamhfhógra ar fáil don suíomh LFC. Le linn na teagmhála tosaigh seo, déanfar socruithe chun comhlíontacht le treoir sláinte poiblí a chinntiú agus chun deis a chruthú ag an am céanna do bhailiú sonraí barántúla mar thaca leis an meastóireacht. Mar shampla, féadfar cruinnithe réamhchigireachta agus iarchigireachta a eagrú go cianda ar an nguthán nó ar líne; déanfaimid an bhreathnóireacht ar idirghníomhaíochtaí le leanaí lasmuigh a uasmhéadú a mhéid is féidir; agus déanfar líon teoranta breathnóireachtaí i dtimpeallachtaí faoi dhíon. Cuirfear eolas breise ar fáil chun tacú le rannpháirtíocht suíomhanna le gníomhaíocht na cigireachta agus déanfar iad seo a phlé nuair a bhíonn an chéad teagmháil á dhéanamh ag an gCigire.



Faisnéis, treoir agus tacaíocht a sholáthar

Leanfaidh an Chigireacht ag baint leas as torthaí na hanailíse ar chigireacht oideachais i suíomhanna LFC chun topaicí breise a fhorbairt agus a fhoilsiú sa tsraith seimineár, *Léargas: Cáilíocht san Oideachas Luathbhlianta* (<https://www.gov.ie/ga/foilsiuhan/c71c0-leargas/>). Go dtí seo, rinneadh seimineáir ghréasáin a fhorbairt chun breathnú ar na topaicí seo a leanas:

- Aistrithe, Luath-Litearthacht, Measúnú don Fhoghlaim, Scileanna Fisiceacha a Fhorbairt, Féinmheastóireacht, Timpeallachtaí Éifeachtacha don Fhoghlaim Lasmuigh, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

Tá seimineáir ghréasáin ar na hábhair seo a leanas á n-ullmhú agus foilseofar iad sna míonna atá le teacht:

- Teacht Aniar a Chothú, Comhpháirtíocht le Tuismitheoirí, Ag Obair le Ghrúpaí Aois-Mheasctha, Saor-imirt, Cruthaitheacht a Chothú.

Mar aon le torthaí cigireachta agus taighde a chur in iúl, cruthaíonn an obair seo deis eiseamláirí de chleachtas éifeachtach a bhailiú agus a roinnt i suíomhanna LFC go náisiúnta agus cothaíonn sé comhthuiscint maidir le soláthar agus cleachtas luathoideachais ar ardchaighdeán i measc ghrúpaí na bpáirtithe leasmhara go léir lena n-áirítear gairmithe oideachais luathbhlianta, ceannairí suíomhanna, bainisteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí.

Más mian leat aiseolas/tuairimí a sholáthar ar na seimineáir ghréasáin Léargas, nó fógra a fháil nuair a bhíonn sraith nua á fhoilsiú, cuir in iúl dúinn ag an seoladh ríomhphoist seo a leanas insights_info@education.gov.ie

2. Pleananna chun cigireachtaí oideachas-dhíríte na Roinne Oideachais (RO) a leathnú go leanaí 0-3 bliana d'aois

Faoi láthair tá ról dearbhaithe cáilíochta ag Cigireacht na RO don mhaoirseacht ar sholáthar oideachais Stát-mhainithe d'fhoghlaimeoirí ó 2 bhliain d'aois agus 8 mí go 18 mbliana d'aois. Tá sé mar thasc ag an gCigireacht freisin an mhaoirseacht seo a leathnú chuig leanaí ó 0 - 3 bliana d'aois mar atá tiomnaithe in *An Chéad 5 Straitéis Rialtais Uile do Leanaí, Leanaí Óga agus a dTeaghlach*.

Mar thoradh ar an sainchúram leathnaithe seo, beidh maoirseacht ag an gCigireacht ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna agus i scoileanna a dhéanann freastal ar fhoghlaimeoirí ó 0 - 18 mbliana d'aois. Tá an fhéidearthacht aige seo naisc dhearfacha a thógáil ar fud suíomhanna LFC,



bunscoile agus iar-bhunscoile agus dá réir sin na heispéiris aistrithe oideachais a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga.

Tá an Chigireacht ag obair faoi láthair ar Shamhail COL 0-6 a fhorbairt de réir thiomantas *An Chéad 5* agus leanfaidh an fhorbairt seo i sampla suíomhanna LFC sa tréimhse ó 12 Aibreán. Tarlóidh faisnéisiú agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara luathbhlianta taobh le taobh le triail allamuigh ar an gcreat cáilíochta leathnaithe COL i gcomhar le suíomhanna LFC a chuireann iad féin ar fáil go deonach. Má tá suim agat páirt a ghlacadh sa triail allamuigh seo déan teagmháil le EYEInspectorate@education.gov.ie.

3. Seirbhísí Tacaíochta FSS do Scoileanna/Suíomhanna LFC

Sna míonna deireanacha de 2020, bhí an Chigireacht ag obair i gcomhpháirt le comhghleacaithe i bhFoirne Tacaíochta Scoile Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun cuidiú leo nuair a bhí tacaíocht shonrach agus spriocdhírthe á sholáthar acu do scoileanna agus do shuíomhanna LFC. Ó thús mhí na Samhna 2020, rinneadh roinnt cigirí a shannadh chuig Seirbhís Tacaíochta Scoile na FSS ar feadh roinnt dá gcuid ama. Tháinig méadú ar an tacaíocht seo nuair a athosclaíodh scoileanna agus an Clár COLÓ i suíomhanna LFC le déanaí agus leanfaidh an Chigireacht ag soláthar cúnamh d'Fhoirne Tacaíochta FSS de réir mar is gá agus mar a aontaíodh.

4. Coimeádfar gníomhaíochtaí sonracha faoi athbhreithniú

Coimeádfar faoi athbhreithniú na gníomhaíochtaí sonracha a chuimsítear in obair na Cigireachta agus tiocfaidh siad chun cinn de réir chomhairle sláinte poiblí agus na cúinsí sláinte a bhíonn i réim.

Harold Hislop Príomhchigire
oci@education.gov.ie